



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil Chomhairliúcháin ar dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Feabhra 2024

Clár Ábhar

1.	RÉAMHRÁ.....	1
2.	AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN.....	1
	Cur chuige modheolaíoch	1
	Freagraí an chomhairliúcháin	2
3.	AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN	4
	Cuspóir, Réasúnaíocht, Aidhmeanna.....	4
	Comhordú chlár leasaithe Idirbhliana.....	5
	Dul Chun Cinn, Leanúnachas, Conairí.....	6
	Clár a Fhorbairt: Gnéithe Scoláire	6
	Clár a Fhorbairt: Gnéithe Curaclaim.....	9
	Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh.....	12
4.	AISEOLAS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM	13
5.	TÁTAL AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE	15
6.	TAGAIRTÍ.....	17

1. Réamhrá

Ag eascairt as an bhfógra a rinne an tAire Oideachais i mí an Mhárta 2022 maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí, d'fhorbair CNCM [dréacht-Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana](#) le tacú le cur i gcrích na físe do shraith shinsearach athfhorbartha. Tá sé beartaithe Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana a thabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh.

Is gné lárnach d'obair CNCM é an comhairliúchán, áit a n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna eile oideachais agus grúpaí sainleasa oideachais go ginearálta tionchar ar an gcomhairle. Is é atá sa tuarascáil seo ná léargas ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana agus ansin achoimre ar an aiseolas a fuarthas. I gCuid a Ceathair déantar achoimre ar phríomhréimsí an aiseolais i dtaca le cur i bhfeidhm, agus sa chonclúid tugtar le chéile príomhthorthaí an chomhairliúcháin.

2. An Próiseas Comhairliúcháin

Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin seo agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

Cur chuige modheolaíoch

Bhain na modhanna rannpháirtíochta seo a leanas leis an gComhairliúchán ar dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana :

- Suirbhé Poiblí
- Suirbhé Tiomnaithe Scoileanna
- Seimineáir Réigiúnacha a óstáladh i gcomhpháirt
- Cuairteanna scoile
- Cruinniú déthaobhach le beirt taighdeoirí a bhfuil an-taithí agus saineolas acu ar an IB
- Seimineáir ghréasáin múinteoirí is tuismitheoirí do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí

Bhí rogha ag freagróirí an tsuirbhé poiblí é a fhreagairt mar dhuine aonair nó thar ceann eagraíochta. Cuireadh ríomhphost chuig gach iar-bhunscoil ina raibh nasc chuig an tsuirbhé tiomnaithe scoileanna ann, a chuir torthaí samplála féinroghnaithe ar fáil.

Rinneadh dhá sheimineáir réigiúnacha a óstáil, ceann le AIDÉ agus ceann leis an Líonra Proifisiúnta Múinteoirí-IB (LPM-IB). Sular tugadh faoi na cúirteanna scoile, seoladh foirm léirithe spéise chuig gach iar-bhunscoil agus roghnaíodh scoileanna ansin go randamach ó shampla srathaithe. Cuireadh cruinnithe déthaobhacha ar siúl le beirt taighdeoirí a bhfuil an-taithí agus saineolas acu ar réimse IB agus eagraíodh seimineáir ghréasáin do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

D'éascaigh na suirbhéanna ar líne agus na seimineáir ghréasáin bailiú sonraí ó shampla ionadaíoch leathan de fhreagróirí, agus thacaigh na cuairteanna scoile, seimineáir réigiúnacha agus cruinnithe déthaobhacha le saineolaithe taighde IB le plé agus aiseolas níos leithne.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláire do rannpháirtithe cuairte scoile agus

rannpháirtithe AIDÉ-CNCM faoi 18 mbliana d’aois. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí ar na cuairteanna scoile agus imeachtaí eile ag a raibh rannpháirtithe i láthair go pearsanta. Rinneadh na sonraí a bailíodh a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Chinntigh úsáid réimse leathan modhanna rannpháirtíochta le linn an chomhairliúcháin gurbh fhéidir le duine ar bith a raibh sé de mhian aige ionchur a bheith aige sa chomhairliúchán amhlaidh a dhéanamh.

Dhírigh na huirlisí a úsáideadh chun aiseolas a bhailiú ar shonraí a bhailiú a bhain leis na téamaí seo a leanas:

- Cuspóir, Réasúnaíocht, Aidhmeanna
- Comhordú chlár leasaithe Idirbhliana
- Dul chun cinn, leanúnachas agus conairí
- Clár IB a fhorbairt: Gnéithe Scoláire
- Clár IB a fhorbairt: Gnéithe Curaclaim
- Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus bunaíodh é ar théamaí an chomhairliúcháin, a ndéantar cur síos orthu sa chéad chuid eile. Chabhraigh sé seo an t-aiseolas laistigh de na sonraí a bailíodh a anailísiú agus a chur i dtoll a chéile. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gcuid a trí den tuarascáil seo.

Freagraí an chomhairliúcháin

I dTábla 1 leagtar amach líon na bhfreagraí agus na rannpháirtithe thar mhodhanna uile rannpháirteachais an chomhairliúcháin.

Tábla 1: Rannpháirtíocht sa chomhairliúchán

Modh rannpháirtíochta	Líon na bhfreagraí/na rannpháirtithe
Suirbhé Poiblí	165 freagróir - 132 duine a d’fhreagair mar dhaoine aonair agus 33 a d’fhreagair mar eagraíochtaí
Suirbhé Tiomnaithe Scoileanna	52 freagróir – 50 a d’fhreagair an leagan Béarla agus beirt a d’fhreagair an leagan Gaeilge
Seimineáir Réigiúnacha a óstáladh i gcomhpháirt	Imeacht chomhairliúcháin le AIDÉ: 28 rannpháirtí Imeacht chomhairliúcháin le LPM-IB: 56 rannpháirtí
Cuairteanna scoile	Sampla ionadaíoch de 10 scoil, agus 5 fhócasghrúpa in aghaidh na scoile. Líon iomlán na rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí a cuireadh ar bun le linn cuairteanna scoile: Comhordaitheoir IB – 12; Scoláire – 74; Bainistíocht Scoile – 23; Múinteoir – 46; Tuismitheoir – 38.
Seimineáir ghréasáin	Dhá sheimineár gréasáin do mhúinteoirí: 92 rannpháirtí ar an iomlán Seimineár gréasáin amháin do thuismitheoirí: 32 rannpháirtí

Léirítear déimeagrafaic fhreagróirí an tsuirbhé poiblí ar bhonn aonair i dTábla 2.

Tábla 2: Déimeagrafaic fhreagróirí an tsuirbhé phoiblí

Tuismitheoir/Caomhnóir	41
Scoláire	23
Múinteoir	57
Fostóir	2
Léachtóir	3
Taighdeoir	3
Eile	20

I measc na bhfreagróirí 'eile', bhí treoirchomhairleoir (6), Comhordaitheoir IB (1), Múinteoir faoi oiliúint (4), Leas-phríomhoide (2), Iarbhall foirne (3), Múinteoir ar iasacht (2), Ambasadóir aeráide (1) agus Tacadóir Sláinte (1). Léirigh roinnt freagróirí go raibh siad ag freagairt ó pheirspictíochtaí iolracha, m.sh. tuismitheoir/caomhnóir agus oideoir múinteoirí, rud a mhíníonn an neamhréir idir líon iomlán na bhfreagróirí (149) agus líon iomlán na bhfreagairtí (132).

3. Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Tarraingíonn an t-aiseolas ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó gach modh rannpháirteachais den chomhairliúchán. Faoi mar a luadh sa chuid roimhe, d'úsáid gach modh rannpháirteachais na téamaí seo a leanas faoinar bailíodh agus anailísíodh sonraí:

- Cuspóir, Réasúnaíocht, Aidhmeanna
- Comhordú chlár leasaithe Idirbhliana
- Dul chun cinn, leanúnachas agus conairí
- Clár IB a fhorbairt: Gnéithe Scoláire
- Clár IB a fhorbairt: Gnéithe Curaclaim
- Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh.

Mar chuid de théama deireanach an chomhairliúcháin, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh, lorgaíodh tuairimí ó na rannpháirtithe maidir leis na deiseanna agus dúshlán a bhaineann le cur i bhfeidhm rathúil Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana. Le linn an chomhairliúcháin, phléigh rannpháirtithe go minic ceisteanna a bhain le cur i bhfeidhm thar na téamaí ar fad, rud a léirítear san aiseolas sa chuid seo. É sin ráite, tá cuid ann freisin ar an móraiseolas uileghabhálach a bhaineann le cur i bhfeidhm.

Cuirtear cur i láthair agus anailís an aiseolais seo in eagar thíos in éineacht le téamaí an chomhairliúcháin.

Cuspóir, Réasúnaíocht, Aidhmeanna

Cuspóir agus réasúnaíocht

Comhaontaíodh go láidir gur chuir réasúnaíocht dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana comhthéacs agus cuspóir na hIdirbhliana in iúl ar bhealach nua-aimseartha agus ábhartha. Shíl formhór na rannpháirtithe go raibh an réasúnaíocht ionchuimsitheach, seachtrach, ailínithe le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí, agus an-scoláire-lárnaithe. Bhí sástacht shuntasach ann maidir leis an méid féinrialála a bheadh ag scoileanna clár IB a fhorbairt agus iad ag obair laistigh de pharaiméadair agus treoir Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

'Áirím go bhfuil sé nua-aimseartha agus ionchuimsitheach. Braithim go leagann sé béim níos mó ar fhorbairt an duine mar dhuine aonair agus mar bhall den tsochaí, seachas mar acadóirí. Ceapaim go bhfeileann sé seo don IB.' (Freagróir an tsuirbhé thiomnaithe scoileanna)

Síleadh gur tháinig sainiúlacht an IB mar chlár neamhspleách laistigh den tsraith shinsearach go mór chun cinn sa réasúnaíocht agus fáiltíodh roimh an teanga a úsáideadh chun seo a léiriú:

'Is dlúthchuid de Ráiteas an Chláir Idirbhliana é an teanga. Tíocfaidh an teanga seo isteach i seomraí ranga go huathoibríoch. Is é bunús an IB imeacht ó dhólúbthacht na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí' (Cuairt scoile, fócasghrúpa comhordaitheoirí IB)

Thug roinnt aiseolais le fios freisin go bhféadfadh an ghné acadúil nó intleachtúil a bheith níos feiceálaí agus tagraíodh freisin don chaoi ar féidir leis an scoláire dul in aibíocht le linn na bliana. D'fháiltigh roinnt rannpháirtithe roimh an mbéim ar an scoláire a chosaint ó na brúnna a bhaineann leis an deargiomaíocht acadúil cé gur bhraith rannpháirtithe eile go mb'fhéidir go mbeadh sé níos fearr béim a leagan ar an gcaoi gur chuid d'fhorbairt an scoláire le linn an IB é brú agus éiginnteacht a bhainistiú. Rinneadh roinnt plé freisin ar a mbíonn i gceist le cláir IB a bheith ionchuimsitheach agus luadh réimse leathan pointí, ó mholtaí gur cheart tabhairt faoi athmhéasúnú ar tháillí na hIdirbhliana go moltaí go bhfuil an fheasacht ar mhíchumas do chách tábhachtach le go mbeadh cláir IB i ndáiríre ionchuimsitheach.

Dúradh freisin go bhféadfaí a lua sa réasúnaíocht gur dlúthchuid de chláir éifeachtacha IB iad an chruthaitheacht ghairmiúil agus freagracht an scoláire deiseanna IB a thapú. I gcomhthéacs seo na gclár IB leasaithe i scoileanna, síleadh gur léirigh an cuspóir agus réasúnaíocht eisint na hIdirbhliana, a thagann go minic leis an caveat gur gá é a thabhairt chun saoil agus a chur i bhfeidhm.

'léiríonn [dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana] focail cosúil le spreagúil, fiosrú, deis i gceart – cuireann DRCI a dhóthain ar fáil gur féidir seo a bhaint amach a fhad is go mbaintear úsáid cheart as agus go bhforbraítear é gan dearmad a dhéanamh ar spéiseanna daoine óga.' (Imeacht AIDÉ-CNCM, fócasghrúpa scoláirí)

Aidhmeanna

Dúirt na rannpháirtithe gur shonraigh na haidhmeanna, i dteanga ghonta agus éasca le tuiscint, ar cheart do chláir IB a dhéanamh. Comhaontaíodh go suntasach thar gach ceann de na modhanna rannpháirteachais gur léirigh na haidhmeanna a mbíonn i gceist le cleachtas éifeachtach agus ag an am céanna gur dhearbhaigh siad cuid mhór a dhéanann go leor scoileanna faoi láthair.

'Ceapaim go bhfuil na ceithre aidhm i bhfeidhm cheana féin i ráiteas misin go leor scoileanna. is ionann iad agus bunchloch an méid is ceart do gach scoil iarracht a dhéanamh a bhaint amach.' (Freagróir an tsuirbhé thiomnaithe scoileanna)

Luaigh roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh an ceathrú aidhm a bheith níos caolchúisí ó thaobh úsáid an fhrása 'bunaithe ar fhianaise' de mar chuid den phróiseas athmhachnaimh agus athnuachana agus rinneadh cur síos mionsonraithe go leor níos déanaí ar phróiseas bunaithe ar fhianaise trí Ghné Churaclaim an Athmhachnaimh agus na hAthnuachana. Cé gur fháiltigh formhór na rannpháirtithe roimh ról na gclár IB laistigh de chontanam na foghlama ar feadh an tsaoil, thug cuid acu le fios go mbaineann ról sa bhreis leis an IB ó thaobh dul i ngleic le neamhleanúnachas curaclaim a shíltear a bheith i gceist san aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. Shíl roinnt rannpháirtithe freisin nach raibh na haidhmeanna sách saincheaptha don IB agus go bhféadfaidís a bheith i gceist chomh maith céanna leis an tsraith shinsearach athfhorbartha a pléadh i gcuid níos luaithe dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

Comhordú chlár leasaithe Idirbhliana

Sa chomhairliúchán ar fad, agus go háirithe i measc cleachtóirí scoile, tugadh le fios gur léirigh an chuid seo an tábhacht a bhaineann le ról an Chomhordaitheora IB agus leis na struchtúir a theastaíonn le comhordú éifeachtach a dhéanamh ar chláir IB. Síleadh go raibh cur chuige

comhoibríoch riachtanach, agus tacaíocht iomlán na bainistíochta scoile agus iad ag obair i gcomhar leis an gComhordaitheoir IB agus croífhóireann IB mar bhonn leis.

'Ní éireoidh leis an gClár ach amháin más ann d'ionchur agus tacaíocht ón mbainistíocht shinsearach, ón gcroífhóireann agus ó mhúinteoirí.' (Freagróir an tsuirbhé thiomnaithe scoileanna)

Luaigh roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí ról na bainistíochta scoile a neartú ar bhealach níos soiléire sa chuid seo. Leag rannpháirtithe eile béim ar an gcaoi gur ról deonach é ballraíocht chroífhóireann an IB agus go mbraitheann comhordú rathúil ar chuid mhór ama agus dea-mhéine ó phobal uile na scoile.

Thuairiscigh Comhordaitheoirí IB agus an bhainistíocht scoile, go háirithe, go raibh pleanáil agus ullmhúchán do chur i bhfeidhm an chlár i Meán Fómhair 2024 chomh maith le ról (i dtaca le cur i bhfeidhm Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana) na dtreoirchomhairleoirí, Croí-Fhóireann IB agus na gcomhthéacsanna éagsúla scoile ina gcuirtear clár IB ar bun riachtanach le go n-éireodh lena chur i bhfeidhm.

Dul Chun Cinn, Leanúnachas, Conairí

Leagadh béim ar thábhacht an choda seo laistigh de dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana thar gach ceann de na modhanna sa chomhairliúchán. Labhair rannpháirtithe ar an ngá le leanúnachas ón tsraith shóisearach ionas gur féidir leis an scoláire dul ar aghaidh go dtí an chuid eile den tsraith shinsearach, ag tarraingt airde, mar shampla, ar chroí-ábhair, OSPS, ar bhéim ar shaoránacht dhomhanda agus ar an gcaoi ar minic a ardaíonn an IB feasacht ar chonairí eile faoi láthair. Bhí plé maidir le leanúnachas curaclaim ón tsraith shóisearach agus gairmeacha a roghnú mar chuid mhór den chomhairliúchán.

'Tá eolas ar phrintíseachtaí agus ar chonairí eile cáilithe/foghlama tábhachtach, ní ann do bhealach amháin le rath a bhaint amach agus dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá le hathrú iomlán meoin maidir leis an gcaoi a mbreathnaíonn muid ar cháilíochtaí agus ar chonairí.' (Cuairt scoile, fócasghrúpa tuismitheoirí)

Labhair roinnt rannpháirtithe ar an stádas íseal a shíltear a bheith i gceist le conairí nach conairí tríú leibhéal iad agus an easpa éagsúlachta a shíltear a bheith i gceist le conairí gairme atá oscailte don scoláire nó a roghnaíonn an scoláire.

Bhain cuid den aiseolas ó roinnt rannpháirtithe leis an ~~meán~~ a d'fhéadfadh a bheith ann mí-úsáid a bhaint as an IB i scoileanna, mar bhealach le curaclaim de chuid na sraithe sinsearaí a theagasc thar thrí bliana seachas sa dá bhliain shaincheaptha, an 5^ú agus an 6^ú bliain. Thug roinnt rannpháirtithe le fios go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ann don Roinn Oideachais ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chlár i scoileanna.

Clár a Fhorbairt: Gnéithe Scoláire

Lorgaíodh freagra ginearálta ar na Gnéithe Scoláire ó na rannpháirtithe, agus lorgaíodh ansin a bhfreagra ar gach ceann de na Gnéithe Scoláire.

Freagra Ginearálta ar na Gnéithe Scoláire

Thuairiscigh rannpháirtithe go léiríonn na ceithre Ghné Scoláire forbairt an scoláire faoi mar a shamhlaítear é sa réasúnaíocht. Síleadh go bhfuil comhionannas gach gné agus an easpa ordlathais buntábhachtach do chuspóir na gclár IB.

'Tá sé fiordhearfach go leagtar an bhéim chéanna ar an bhFás Pearsanta agus a leagtar ar A Bheith i d'Fhoghlaim agus Ullmhacht Ghairme, mar gurb é seo an fhoghlaim is tábhachtaí san IB.' (Cuairt scoile, fócasghrúpa scoláirí)

Comhaontaíodh go han-láidir thar na bealaí rannpháirteachais uile gur cur síos luachmhar agus inrochtana ar an gcaoi ar féidir leis an scoláire forbairt agus foghlaim le linn an IB iad na táscairí forbartha a bhaineann le gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire. Síleadh go raibh na heispéiris scoláire thar na ceithre Ghné Scoláire ailínithe go maith leis na táscairí forbartha agus gur fheidhmigh siad mar threoir phraiticiúil i dtaobh forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chlár IB.

'Cruthaíonn sé leanúnachas ó thaobh eispéireas an scoláire de, leanúnachas nach raibh ann b'fhéidir roimhe seo, agus cinntíonn sé go bhfuil freagracht ann maidir le soláthar an chlár ag leibhéal na scoile.' (Freagróir an tsuirbhé thiomnaithe scoileanna)

'Is slat tomhais úsáideach é sraith táscairí agus eispéireas a bheith ann chun féachaint an bhfuil cothromaíocht cheart eispéireas agat i rith na bliana.' (Cuairt scoile, Comhordaitheoir IB)

Thuairiscigh rannpháirtithe go mbeadh ar scoileanna a bheith soiléir ina dtuiscint ar an téarmaíocht nua, lena n-áirítear na Gnéithe Scoláire agus táscairí forbartha agus go mbeadh gá le scaipeadh luath eolais le FGL. Shíl go leor scoláirí go raibh teanga na nGnéithe Scoláire éasca le tuiscint, agus nach raibh sí róshimplí ná nó róchasta, ach dúirt roinnt scoláirí go mbeadh teanga na dtáscairí forbartha le simpliú. Dúirt roinnt rannpháirtithe comhairliúcháin ar scoláirí iad agus a raibh an IB curtha i gcrích acu cheana féin gur bhraith siad gur mar theimpléad don fhéinmhachnamh a d'fheidhmigh na táscairí forbartha.

Thug roinnt rannpháirtithe aitheantas d'úsáideacht na dtáscairí forbartha ach luaigh siad go bhféadfadh dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana a bheith níos soiléire maidir leis an gcaoi a bhféadfaí na táscairí forbartha a úsáid. Ina theannta sin, d'aithin roinnt rannpháirtithe gur gá don tsamhail chigireachta a bheith soiléir maidir leis na hionchais a bhaineann leis na táscairí forbartha.

'Cé mhéad táscaire atá le baint amach agat le 'pas' a fháil san IB nó le go n-éireodh leat - d'fhéadfaí an t-eolas seo a thabhairt sa bhlurba ar leathanach 9 sula léirítear an tábla.' (Rannpháirtí, imeacht LPM-IB)

Luadh go bhféadfaí an léargas grafach a leasú leis an gcaoi a nascann agus a gcónaisceann na Gnéithe Scoláire go háirithe le chéile a léiriú. Bhraith formhór na rannpháirtithe gur leor na táscairí forbartha le léargas cuimsitheach a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh an scoláire forbairt. Bhraith rannpháirtithe eile go bhféadfadh níos lú táscairí a bheith ann agus ag an am céanna bhraith cuid acu go bhféadfaí tuilleadh feola a chur orthu. Fáiltíodh roimh an snáithe coiteann maidir le spriocanna a leagan agus a athbhreithniú thar gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire agus síleadh

gur thacaigh cruthú treoraithe na bpunann leis seo. Bhraith rannpháirtithe go mb'fhéidir go mbeadh tacaíocht le tabhairt do nádúr agus úsáid na bpunann i gcás roinnt scoileanna.

Freagairt ar gach Gné Scoláire

Léirítear aiseolas sonrath do gach Gné Scoláire i dTábla 3.

Tábla 3: Achoimre ar an aiseolas do gach Gné Scoláire

Gné scoláire	Achoimre ar an Aiseolas
Fás Pearsanta	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • síltear úsáid teanga a bheith lárnach d'fhorbairt an scoláire san IB • síltear go bhfuil teanga agus paraiméadair na gné seo dearfach <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • d'fhéadfaí tagairt níos díri a dhéanamh don teacht in aibíocht agus don aibíocht • d'fhéadfadh measúnú agus tuairisciú a bheith deacair sa ghné seo. D'fhéadfadh punann an scoláire a bheith ina huirlis úsáideach do mheasúnú agus tuairisciú.
A bheith i d'Fhoghlaim	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • fáiltíodh roimh an mbéim ar straitéisí agus scileanna foghlama agus tarraingíodh aird ar an dul chun cinn agus leanúnachas soiléir ón tsraith shóisearach • léiríonn ráiteas an chláir gur clár aonair sa tsraith shinsearach é an IB agus ag an am céanna aithnítear an gá le tabhairt faoi réimse níos leithne ábhar agus modheolaíochtaí foghlama <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • baineann féidearthacht leis an ngné seo an t-aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach a nascadh, agus ag an am céanna dúirt daoine eile nach nascann sé maith an t-aistriú sin • tá gá le neamhspleáchas agus féinriail agus an scoláire ag bogadh ó Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRB) sa tsraith shóisearach go dtí punanna san IB agus obair chúrsa sa dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach • bheadh tairseach láraithe ina bhfuil tacaíochtaí agus acmhainní chun modúil IB a fhorbairt ann úsáideach • d'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaí beag de ghné acadúil an churaclaim thar an tsraith shinsearach sa ghné seo agus san IB, rud a imreodh drochthionchar ar an bhfoghlaim.
Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tá na táscairí forbartha agus eispéiris scoláire a ndéantar cur síos orthu sa ghné seo sárluachmhar don scoláire agus léirítear go cuimsitheach iad

	<ul style="list-style-type: none"> • cuireann oscailteacht na ngné deiseanna spreagúla ar fáil don scoláire agus don scoil • is príomhghnéithe den IB iad feasacht agus comhbhá a ardú tríd an rannpháirtíocht shóisialta <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • d'fhéadfadh, go pointe áirithe, go mbraithfeadh rath i rannpháirtíocht sa ghné seo ar thosca cosúil le haibíocht an scoláire agus caipiteal sóisialta na dteaghlach agus na scoileanna • d'fhéadfadh an chéad téacs, '<i>Á mhúnlú ag a luachanna pearsanta</i>' roinnt dúshlán cultúrtha agus sóisialta a chruthú do roinnt scoláirí • d'fhéadfaí tagairt níos díri a dhéanamh don obair dheonach
Ullmhacht Ghairme	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • is gné rithábhachtach é d'fhorbairt an scoláire i ndomhan nua-aimseartha • léirítear fiosrú struchtúrtha ar roghanna gairme agus teagmháil le féidearthachtaí go maith sa ghné seo <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • ní léiríonn an téarma '<i>Ullmhacht</i>' go sásúil teanga fhorbartha an chuir síos agus na dtáscairí atá sa Ghné Scoláire seo. Cuireadh roinnt moltaí eile ar fáil maidir le teideal na gné seo, lena n-áirítear: Feasacht Ghairme, Fiosrú Gairme, Conairí an Todhchaí, Forbairt Ghairme, agus Ullmhúchán Gairme • i measc réimsí a bhaineann le gairmeacha agus a bhíonn dúshlánach do scoileanna tá Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, árachas agus treoirciomhairleoirí a bheith ar fáil le tacú leis an ngné seo • b'fhéidir go dteastódh tuilleadh comhthéacs nó níos mó sonraí ón tagairt do '<i>scileanna praiticiúla</i>' laistigh de na hEispéiris Scoláire • is iomaí cúis a mbeartaíonn scoileanna Socrúchán Oibre / Pobail a chur ar fáil mar bhloc cuimsithe (seachtain(i) iomlán(a)) nó mar shocrúchán lá amháin in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh na scoilbhliana, agus is minic a bhíonn dlúthbhaint ag cúrsaí comhthéacsúla seo leis na cinní seo. Fáiltíodh roimh an tsolúbthacht agus an fhéinrialáil a cuireadh ar fáil do scoileanna i dtaca leis seo i ráiteas an chláir.

Clár a Fhorbairt: Gnéithe Curaclaim

Lorgaíodh freagra ginearálta ar na Gnéithe Curaclaim ó na rannpháirtithe, agus lorgaíodh ansin a bhfreagra ar gach ceann de na Gnéithe Curaclaim.

Freagra Ginearálta ar Ghnéithe Curaclaim

Comhaontaíodh go láidir thar gach ceann de na modhanna rannpháirteachais go gcuireann na Gnéithe Curaclaim treoir agus tacaíocht luachmhar ar fáil do scoileanna maidir lena gcláir IB a phleanáil, a athbhreithniú agus a athnuachan. Síleadh gur chuir na ceithre Gné Churaclaim agus iad ag obair le chéile struchtúr soiléir agus ionchuimsitheach ar fáil do chláir IB atá bunaithe ar na Gnéithe Scoláire. Dúirt Comhordaitheoirí IB i roinnt modhanna rannpháirteachais go bhfuil

dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana in úsáid acu cheana féin le hiniúchadh a dhéanamh ar an gclár atá acu faoi láthair.

‘Nuair a bhí an clár á chruthú agam, dá mbeadh rud éigin cosúil leis seo agam, bheinn an-sásta ar fad. Bhí mé ag breathnú ar a raibh ar siúl ag scoileanna eile agus bhí sé deacair tuiscint a fháil ar an gcaoi a raibh rudaí á n-eagrú acu.’ (Cuairt scoile, fócasghrúpa na gComhordaitheoirí IB)

‘Tá an cur síos ar na ceithre ghné úsáideach mar uirlis phleanála cláir agus mar threoir don scoláire agus do na tuismitheoirí araon.’ (Freagróir an tsuirbhé phoiblí)

Síleadh go ginearálta go raibh na treoracha laistigh de na Gnéithe Curaclaim riachtanach agus cothrom do na scoileanna ar fad, go háirithe an leithdháileadh ama agus na córais tuairiscithe.

‘Fáiltítear go mór le treoir maidir le leithdháileadh ama i gcás gach gné. Cinnteoidh sé seo leanúnachas an eispéiris do na scoláirí beag beann ar an scoil a bhfreastalaíonn siad uirthi agus ar chaighdeán an chláir Idirbhliana i mblianta roimhe sin.’ (Freagróir an tsuirbhé thiomnaithe scoileanna)

É sin ráite, síleadh gur chuir méid na treorach in iúl go raibh meas á léiriú fós ar an ngá le féinrialáil agus solúbthacht i ndearadh agus cur i bhfeidhm laethúil an chláir do chomhthéacs gach scoile. Tábla 3: Síleadh go raibh *Áit na gcomhpháirteanna i gCuraclam IB* ar leathanaigh 16-17 de dhréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana go háirithe praiticiúil agus éasca le tuiscint, thar na modhanna rannpháirteachais ar fad, cé gur luadh san aiseolas freisin go bhféadfaí an téarmaíocht sa tábla a úsáid ar bhealach níos comhleanúnaí agus soiléire. Déantar achoimre air seo i dtábla 4 thíos, in éineacht le haiseolas sonrath breise maidir le gach ceann de na Gnéithe Curaclaim.

Freagairt ar gach Gné Churaclaim

Léirítear aiseolas sonrath do gach Gné Churaclaim laistigh den chuid seo i dTábla 4.

Tábla 4: Achoimre ar an aiseolas ar gach ceann de na Gnéithe Curaclaim

Gné Churaclaim	Achoimre ar an aiseolas
Comhpháirteanna	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none">léiríonn cothromaíocht agus fairsinge na gcomhpháirteanna sna ceithre Ghné Scoláire an dea-chleachtas reatha in go leor scoileannafáiltíodh roimh an tagairt dhíreach don IB mar chlár neamhspleách agus ní mar chlár a mbaintear “mí-úsáid” aistiTábla 3: <i>Áit na gcomhpháirteanna i gCuraclam IB (Igh.16-17)</i><ul style="list-style-type: none">síleadh go ginearálta go raibh an 2 uair an chloig a cuireadh ar leataobh do chomhpháirteanna leanúnachais tábhachtach agus ina chuid de chlár cothrom, agus léirigh an t-aiseolas go raibh na hábhair a ndearnadh tagairt dóibh i dTábla 3 oiriúnachleagadh béim ar na tábhacht a bhaineann le blaiseadh a fháil d’ábhair na sraithe sinsearaí agus réimsí eile na foghlama <p>Thug aiseolas breise le fios:</p>

	<ul style="list-style-type: none"> • d'fhéadfadh an léargas grafach ar ráiteas an chláir béim a leagan ar nádúr idircheangailte gach gné. Moladh dul siar agus leasú a dhéanamh ar an ngrafaic • teastaíonn treoir agus FGL do chomhpháirt an Chleachtais Mhachnamhaigh Faoi Threoir • síleadh go ginearálta gur thug an focal 'croí-' le fios nach bhfuil na comhpháirteanna eile ar fad riachtanach. I measc na moltaí maidir le 'croí-' a athrú bhí úsáid an téarma 'leanúnachas' nó 'leanúnach' • d'fhéadfadh réimse leathan ábhar eile a bheith ina gcroí-ábhair (mar shampla, Nuatheangacha lasachta (NTIanna), TFC, reiligiún) • gá le leanúnachas sa teanga a bhaineann le heispéiris bhreise a lua leis an scoláire, múinteoirí agus tuismitheoirí • tábhachtach an tsolúbthacht don ghairmthreoir agus do ról an treoirchomhairleora a choimeád sa chlár • is féidir leis a bheith deacair do scoileanna níos lú réimse leathan comhpháirteanna a thairiscint.
Teagasc agus Measúnú	<p>Comhaontú láidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • is iad dul chun cinn agus leanúnachas soiléir ón tSraith Shóisearach, meas ar fhéinriail agus breithiúnas an mhúinteora agus an réimse cur chuige ar leagadh béim orthu is mó a tuairiscíodh • braitheadh go raibh an cleachtas comhchoiteann agus scoláire-lárnaithe a ndearnadh cur síos air úsáideach, scoláire-lárnaithe agus riachtanach san IB <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • d'fhéadfadh córas bunaithe ar chreidiúintí a bheith éifeachtach ach is gá a bheith cúramach maidir le ról rólárnach a bheith ag an measúnú san IB • d'fhéadfaí níos mó béime a leagan ar fhreagracht an scoláire trí phunann an scoláire agus d'fhéadfadh sé seo tacú leis an scoláire a chuid foghlama a bhainistiú • tá sé níos tábhachtaí béim ar chúrsaí acadúla a choimeád le linn an IB ná mar atá gnéithe eile den IB • tá soiléireacht ag teastáil ar bhrí na gcleachtas ionchuimsitheach • b'fhéidir gur ghá <i>"éascaítear, chomh maith, athnuachan an chleachtais sa seomra ranga"</i> a rá ar bhealach eile.
Aithint agus Tuairisciú	<p>Comhaontú láidir</p> <ul style="list-style-type: none"> • is cuid bhunúsach de chumhacht agus tionchar chlár IB i gcás na bpáirtithe leasmhara ar fad í an ghné seo • tá struchtúr do thuairisciú riachtanach don IB agus tá fáilte roimh trí ghné an tuairiscithe, go háirithe roimh ghné fhéintuairiscithe na punainne IB <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tá gá le níos mó treorach maidir le cuspóir na bpunann IB, sa ráiteas féin nó mar thacaíocht dá chur i bhfeidhm, agus bhainfeadh scoileanna leas as teimpléad do thuairisciú scoile • tagann an Ghné Churaclaim seo i gcomhréir le samhail MRB na sraithe sóisearaí

	<ul style="list-style-type: none"> • tá méid áirithe i gcomhar leis an gcaoi a ndéantar an tuarascáil scoile a leagan amach agus an chaoi a léirítear clár IB na scoile agus d'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach • is minic a chuireann teastais ó mhodúil sheachtracha le creidiúnacht chlár IB ach is gá a bheith cúramach gan an iomarca teastas a bheith ann mar d'fhéadfaí nach mbeadh i gceist leo ach bealach le taifead a choimeád seachas tuairisciú fiúntach a dhéanamh.
Machnamh agus Athnuachan	<p>Comhaontú láidir</p> <ul style="list-style-type: none"> • tá athbhreithnithe scoile bliantúla agus athnuachan an chlár IB riachtanach d'fhorbairt rathúil chlár IB scoile • glacann sé go leor ama tabhairt faoi mhachnamh agus athnuachan agus is gá go gcuirfí na torthaí in iúl • is féidir leis an nGné Churaclaim seo a bheith an-éifeachtach ar fad nuair a thacaíonn bainistíocht na scoile go hiomlán le comhordú an chlár agus nuair a bhíonn an clár comhoibríoch <p>Thug aiseolas breise le fios:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tá féinriail na scoile sa Ghné Churaclaim seo riachtanach agus teastaíonn acmhainní agus uirlisí le tacú leis • bíonn cur le chéile agus scaipeadh chlár IB scoile nasctha go dlúth leis an nGné Churaclaim seo agus leis an gcaoi a gcuirtear tuairisciú i gcrích.

Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh

Thug an t-aiseolas is minice a luadh maidir leis an gcuid seo le fios go bhfuil sé riachtanach rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh ach go bhféadfaí sin a neartú le níos mó teorach bunaithe ar eispéiris scoileanna. Ba iad na réimsí a bhí i gceist go príomha ná cumarsáid, tionchar ghuth an scoláire agus tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir an chlár IB.

Comhaontaíodh go bhféadfaí rannpháirtíocht a spreagadh trí iarraidh ar scoláirí na sraithe sinsearaí na buntáistí agus na hionchais a bhaineann le bheith rannpháirteach i gclár éifeachtach IB a mhíniú do scoláirí na sraithe sóisearaí. Moladh don chuid seo freisin na buntáistí a bhainfeadh le hidirghníomhaíochtaí nádúrtha idir scoláirí, trí chomhpháirteanna áirithe cosúil le laethanta margaidh/téamúla, meantóireacht nó gníomhaíochtaí corpoideachais.

'Uaireanta déanann scoláirí reatha an IB nó rannpháirtithe a ghlac páirt sa chlár le déanaí na buntáistí a bhaineann leis an IB a dhéanamh a chur in iúl do soiléir agus go huathúil do scoláirí níos óige agus do thuismitheoirí.' (Cruinniú déthaobhach)

Shíl rannpháirtithe thar gach ceann de na modhanna rannpháirteachais go raibh dlúthcheangal idir rochtain ar rannpháirtíocht i gclár éifeachtach IB agus freagracht an scoláire a bheith rannpháirteach. Leagadh béim go minic le linn an chomhairliúcháin gur príomhghné de chlár éifeachtach IB é freagracht an scoláire a bheith rannpháirteach.

'Is ionann an tairbhe a bhaineann tú as an IB agus an méid oibre a dhéanann tú. Taitníonn teanga shimplí le scoláirí.' (Cuairt scoile, fócasghrúpa tuismitheoirí)

Luadh rannpháirtithe freisin ról agus rannpháirtíocht tuismitheoirí agus dúradh go bhféadfaí seo a léiriú sa chuid seo. Phléigh rannpháirtithe, mar shampla, an ceangal airgid a theastaíonn, an

tábhacht a bhaineann le réimse bealaí cumarsáide a bheith ann le tuismitheoirí, a dtuiscint ar chuspóir an chláir Idirbhliana agus *'an tábhacht a bhaineann le tuismitheoirí a bheith ag spreagadh scoláirí páirt a ghlacadh'* (Cuart scoile, fócasghrúpa tuismitheoirí).

Luadh roinnt rudaí maidir leis na cúiseanna a ndéanfadh scoláire an Idirbhliain agus an fáth nach ndéanfadh roinnt scoláirí IB nó nach bhfeilfeadh an IB dóibh. Rinne go leor scoláirí, ag imeacht AIDÉ-CNCM, i suirbhé ar líne nó i bhfócasghrúpaí i scoileanna, tagairt dá bhfás agus dá bhforbairt mar dhaoine óga trí rannpháirtíocht i gcláir IB arb ann dóibh cheana féin.

'Déanann tú é le fás agus le fás mar dhuine.' (Cuart scoile, fócasghrúpa scoláirí)

4. Aiseolas maidir le cur i bhfeidhm

Faoi mar a luadh sa chuid dheireanach, rinne rannpháirtithe plé le linn an chomhairliúcháin ar dhiseanna agus ar dhúshlán maidir le Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana a chur i bhfeidhm go rathúil.

Maidir le tacú le ráiteas an chláir, bhí trí phríomhréimse uileghabhálacha aiseolais ann:

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
- Clár IB a mhaoiniú
- Am agus spás do chomhordú.

FGL

Bhí comhaontú láidir ann thar na modhanna uile comhairliúcháin go mbeadh an fhoghlaim ghairmiúil agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) riachtanach agus Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana foilsithe. Ina theannta sin, aibhsíodh freisin go bhfuil an fhoghlaim ghairmiúil leanúnach riachtanach do rannpháirteachas fiúntach le Ráiteas an Chláir agus leis an ullmhúchán dá chur i bhfeidhm i scoileanna. Mhol rannpháirtithe amchlár FGL do Chomhordaitheoirí IB agus ceannairí scoile a thosófar a luaite agus a fhoilseofar ráiteas an chláir. D'fhéadfadh an FGL seo tacú le scoileanna agus iad ag déanamh iniúchadh ar a gclár reatha IB lena athnuachan agus lena ailíniú leis na paraiméadair de Ráiteas leasaithe an Chláir. Thug an t-aiseolas le fios freisin go dtacódh FGL fadtéarmach ar bhonn uilescoile le mianta agus aidhmeanna Ráiteas an Chláir a luaite agus a thabharfaí isteach i scoileanna é.

Clár IB a mhaoiniú

Le linn an chomhairliúcháin ar fad, thug rannpháirtithe le fios gur bhain an-tábhacht le gach ceann de na Gnéithe Scoláire agus le héagsúlacht de dhiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí na heispéiris foghlama laistigh de na gnéithe seo. É sin ráite, thug roinnt rannpháirtithe le fios go mbeadh maoiniú sa bhreis ag teastáil do roinnt eispéireas fiúntach scoláire chun scoileanna a chumasú lena mbaint amach. I measc na réimsí ba mhó a shíl scoileanna a bheith dúshlánach a mhaoiniú bhí costais iompair agus costais a bhaineann le heispéiris bhreise fáis agus foghlama cosúil le ceardlanna agus cúrsaí scileanna saoil.

Léirigh na rannpháirtithe fonn an táille IB a ghearrtar ar theaghlaigh a choimeád faoi smacht ach luaigh siad go mbeadh tacaíocht ag teastáil uaidh seo trí mhéadú ar an deontas caipitíochta IB a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil. Leag rannpháirtithe béim freisin ar an gcaoi a gcabhródh sé seo dul i ngleic leis an neamhchothroime ó thaobh an chothromais rochtana de agus an mhaoinithe de thar chlár IB, agus shíl rannpháirtithe gur bhain sé seo le stádas socheacnamaíoch.

Am agus spás do chomhordú

Luaigh cleachtóirí go minic go bhfuil forbairt tagtha ar ról an chomhordaitheora IB de réir mar atá forbairt tagtha ar nádúr an IB le 50 bliain anuas, agus go bhfuil ról an chomhordaitheora i bhfad níos déine anois. Tagann sé seo in éineacht le hionchais bhreise laistigh de phobal na scoile maidir le nádúr chlár IB nua-aimseartha. Luaigh rannpháirtithe i bhformhór na modhanna rannpháirteachais aitheantas fiúntach an ról seo trí am agus spás breise a chur ar fáil don Chomhordaitheoir IB agus don Chroí-Fhoireann tacaíochta. Moladh go minic ról sainithe meánbhainistíochta do chomhordú IB, go háirithe i measc cleachtóirí scoile.

Dúirt cleachtóirí freisin go bhféadfadh cleachtas neamhleanúnach maidir leis an gcaoi a ndéantar ról an Chomhordaitheora IB a thabhairt agus a bhainistiú i scoileanna teacht chun cinn mar gheall ar an easpa soiléireachta a bhaineann le stádas an ról. Tugadh am agus aitheantas freisin le linn an chomhairliúcháin don phleanáil agus ullmhúchán do chur i bhfeidhm an chlár i Meán Fómhair 2024 chomh maith le ról na dtreoirchomhairleoirí, Chroí-Fhoireann IB agus na gcomhthéacsanna éagsúla scoile ina gcuirtear clár IB ar bun.

5. Tatal agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an chomhairliúchán maidir le dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Léirigh caighdeán agus líon na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán agus an t-aiseolas stuama machnamhach a tugadh a luachmhaire is atá an Idirbhliain mar phríomhghné den tsraith shinsearach agus den oideachas dara leibhéal in Éirinn.

Bhí comhaontú láidir ann gur céim thábhachtach chun tosaigh i bhforbairt na hIdirbhliana é dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana. Glacadh go dearfach le dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana, mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas ba choitianta a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin:

- Dearbhaíonn dréacht-ráiteas an chláir cleachtas éifeachtach reatha agus anois leagtar struchtúr níos mó ar dhearadh chláir IB trí na Gnéithe Scoláire agus Gnéithe Curaclaim
- Tá sainiúlacht láidir IB mar chlár neamhspleách sa tsraith shinsearach agus na ceithre Ghné Scoláire mar bhonn leis an tsainiúlacht seo
- Fáiltíodh roimh an leibhéal féinrialaithe do scoileanna agus ag an am céanna cur ar fáil paraiméadar agus teorach a úsáidfidh scoileanna chun an clár IB a fhorbairt.

Ardaíodh na pointí seo a leanas go leanúnach, rud a chuir aiseolas úsáideach ar fáil don mheitheal forbartha agus Ráiteas an Chláir Idirbhliana á chur i gcrích acu:

- d'fhéadfaí an chuid maidir le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a láidriú trí roinnt teorach breise a thabhairt
- d'fhéadfadh níos mó soiléireachta a bheith ann maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil le go n-úsáidfidh na táscairí forbartha
- d'fhéadfadh an príomhléargas grafach ar ráiteas an chláir léiriú a thabhairt ar an gcaoi a n-idirnasann na Gnéithe Scoláire agus a gcoimeádtar ag an am céanna cothroime gach gné
- d'fhéadfadh cuid de na cuir síos agus ainmiú na nGnéithe Scoláire a bheith níos ailínithe le bunéirim ráiteas an chláir
- tá gá le béim níos mó ar fhreagracht an scoláire cur le héifeachtúlacht chlár IB a scoile

Is féidir aiseolas eile maidir le cur i bhfeidhm a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin a chur i dtrí phríomhréimse:

- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Tá an-ghá le tacaíochtaí láithreacha agus leanúnacha forbartha gairmiúla
- **Clár IB a mhaoiniú:** Chun mianta na nGnéithe Scoláire, agus na heispéiris scoláire go háirithe, a bhaint amach, is gá do scoileanna méid suntasach maoinithe sa bhreis a fháil
- **Am agus spás do chomhordú:** Teastaíonn forbairt ar an gcaoi a smaoineáir ar ról an Chomhordaitheora IB agus ar chomhordú an chláir go ginearálta má tá forbairt le déanamh ar an IB. Síleadh go ginearálta go dteastaíonn ról neamhspleách ó chlár neamhspleách.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Chuir an t-aiseolas a léirítear sa tuarascáil seo bonn eolais faoi obair na Meithle Forbartha agus Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana á chur i gcrích acu. Bhí comhaontú láidir ann go ndearbhaíonn dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana an t-athrú i nádúr na gclár IB agus go

dtógann sé go dearfach air. Tá na breathnuithe agus an t-aiseolas ar an dréacht-ráiteas féin i ndiaidh cabhrú le forbairt Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana a neartú tuilleadh.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa chomhairliúchán, thar na modhanna éagsúla rannpháirteachais. Ar a bharr sin, tá CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile agus comhordaitheoirí a d'éascaigh na fócasghrúpaí ina scoil agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Na chéad chéimeanna eile a mholtar:

- Ráiteas an Chláir Idirbhliana a chur faoi bhráid an Bhoird don tSraith Shinsearach lena cheadú
- Tacaíochtaí a fhorbairt do scoileanna maidir le Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana a chur i bhfeidhm
- Obair le scoileanna agus le heagraíochtaí seachtracha chun micreamhodúil foghlama agus forbartha IB a fhorbairt

6. Tagairtí

Roinn Oideachais [RO] (1993) [Cláir na hIdirbhliana: Treoirlínte do Scoileanna](#) Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, [CNCM] (2020) [Beartas Cosanta Sonraí](#)CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) [Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach](#). CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) [Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana](#) CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) [Tuarascáil an Chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú agus Leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana](#) CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b) [Dréacht-Ráiteas an Chláir Idirbhliana le haghaidh comhairliúcháin](#) CNCM

Fuarthas rochtain orthu seo go léir ar an 4 Eanáir 2024.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment